Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0340(NLE)**

**13768/23**
**ADD 1**

**AELE 29**
**EEE 24**
**N 77**
**ISL 39**
**FL 20**
**MI 813**
**ENT 202**
**CONSOM 344**
**COMPET 947**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 565 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE(An Rialachán maidir le Faireachas Margaidh ar Tháirgí agus Comhlíonadh Táirgí) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 565 final.

Faoi iamh: COM(2023) 565 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.10.2023
COM(2023) 565 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(An Rialachán maidir le Faireachas Margaidh ar Tháirgí agus Comhlíonadh Táirgí)**

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1121 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 lena sonraítear mionsonraí comhlíontachta agus sábháilteachta táirgí na sonraí staidrimh atá le tíolacadh ag na Ballstáit maidir le rialuithe ar tháirgí a thugtar isteach i margadh an Aontais[2], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2022 lena sonraítear na nósanna imeachta chun saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú chun críocha faireachais margaidh agus fíoraithe ar chomhlíonadh táirgí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 9 (Treoir 2004/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XVII:

   '- **32019 R 1020**: Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).'

2. Leasaítear pointe 3b (Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XIX mar a leanas:

   (i) Cuirtear an méid seo a leanas isteach:

---

[1] IO L 169, 25.6.2019, lch. 1.
[2] IO L 243, 9.7.2021, lch. 37.
[3] IO L 192, 21.7.2022, lch. 21.

', arna leasú le:

- **32019 R 1020**: Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).';

(ii) Scriostar oiriúnú (b).

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 3u (Rialachán (AE) 2019/515 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XIX:

'3v. **32019 R 1020**: Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) Mura sonraítear a mhalairt, tuigfear go dtagraíonn tagairtí do dhlí an Aontais do Chomhaontú LEE.

(b)Leasófar Airteagal 3 mar a leanas:

(i) i mír 24, i ndiaidh na tagartha do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 cuirfear isteach na focail 'nó riaracháin chustaim Stáit CSTE atá freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim agus aon údarás eile de chuid na Stáit CSTE a chumhachtaítear faoi dlí náisiúnta reachtaíocht áirithe chustaim a chur i bhfeidhm'.

(ii) i mír 25, i ndiaidh na tagartha do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 cuirfear isteach na focail 'nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, na nósanna imeachta comhfhreagracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta chustaim faoi seach'.

(iii)i mír 26, i ndiaidh na bhfocal 'chríoch chustaim an Aontais' cuirfear isteach na focail 'nó laistigh de chríocha custaim Stáit CSTE'.

(c) I mír 2 d'Airteagal 14, ní bheidh feidhm an na focail ', lena n-áirítear prionsabail Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh' maidir le Stáit CSTE.

(d) I míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 25 agus sa dara fhomhír d'Airteagal 28(4), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, tuigfear go dtagraíonn tagairtí do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle d'fhorálacha chomhfhreagracha an dlí náisiúnta custaim.

(e) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, beidh oibleagáidí ar údaráis arna ainmniú faoi Airteagal 25(1) faoi rialú ag an dlí náisiúnta.

(f) Féadfar táirgí arna n-onnmhairiú ó Lichtinstéin chuig na Páirtithe Conarthacha eile a bheith faoi réir rialuithe de réir Airteagail 25 go 28 agus iad ag teacht isteach in LEE.

(g) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 25(2), (4), agus (6) ná Airteagal 34(6) maidir le Lichtinstéin.

(h) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 26(4) maidir le Stáit CSTE.

(i) In Airteagal 28, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, in ionad na bhfocal ‘sa chóras próiseála sonraí custaim’ léifear ‘in aon fhógra arna thabhairt do na páirtithe dá ndéantar difear i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta’.

(j) Glacfaidh Stáit CSTE páirt iomlán, gan ceart vótála, i Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí i gcomhréir le hAirteagal 29 go 31. Glacfaidh Údarás Faireacháin CSTE páirt ann mar bhreathnóir.

3va. **32021 R 1121**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1121 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 lena sonraítear mionsonraí comhlíontachta agus sábháilteachta táirgí na sonraí staidrimh atá le tíolacadh ag na Ballstáit maidir le rialuithe ar tháirgí a thugtar isteach i margadh an Aontais (IO L 243, 9.7.2021, lch. 37).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Cur Chun Feidhme oiriúnaithe mar a leanas:

(a) I mír 1(c) agus mír 4 d’Airteagal 1, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, tuigfear go dtagraíonn tagairtí do Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún d’fhorálacha chomhfhreagracha an dlí náisiúnta custaim.

(b) I bpointe (c)(ix) d’Airteagal 1, cuirfear na bhfocal ‘forálacha Chomhaontú LEE’ in ionad na bhfocal ‘reachtaíocht an Aontais’.

3vb. **32022 R 1267**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2022 lena sonraítear na nósanna imeachta chun saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú chun críocha faireachais margaidh agus fíoraithe ar chomhlíonadh táirgí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 192, 21.7.2022, lch. 21).’

4. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 1 (Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XXI:

‘- **32019 R 1020**: Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).’

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/1020 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1121 agus (AE) 2022/1267 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an , ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, .

---

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Na Rúnaithe*
*ar Chomhchoiste LEE*